2023/2688

28.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2688 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Samhain 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagail 230(1) agus 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear do na speicis agus do na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim teacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi sheacht ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúigí British Columbia (5), Alberta (1), agus Saskatchewan (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 4 Samhain 2023 agus an 7 Samhain 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 20 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California (1), Iowa (2), Minnesota (3), Missouri (1), North Dakota (2), Oregon (2), agus South Dakota (9), ráigeanna a deimhníodh idir an 14 Samhain 2023 agus an 22 Samhain 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(7) Tar éis na ráigeanna sin le déanaí den fhliú éanúil ardphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(8) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc.

(9) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(10) Thairis sin, chuir Ceanada agus an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe ar fáil don Choimisiún maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha i ndáil leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach roinnt táirgí san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(11) Chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le trí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i gcúigí Alberta (2) agus Saskatchewan (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 20 Meán Fómhair 2023 agus an 3 Deireadh Fómhair 2023.

(12) Chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíocht éanlaithe clóis in Albain, ar Oileán Lewis, ráig a deimhníodh an 27 Meán Fómhair 2023.

(13) Chuir Ceanada agus an Ríocht Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinneadh chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den ghalar sin, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme acu chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme ar a gcríocha.

(14) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis atá curtha isteach ag Ceanada agus ag an Ríocht Aontaithe agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha ag Ceanada agus ag an Ríocht Aontaithe nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas í an staid sláinte ainmhithe ba chúis leis na fionraithe, agus, dá bhrí sin, gur cheart teacht isteach san Aontas tráchtearraí éanlaithe clóis ón gcrios lena mbaineann i gCeanada agus sa Ríocht Aontaithe óna raibh teacht isteach san Aontas curtha ar fionraí a athúdarú.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(16) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2580 ón gCoimisiún ([4]) , ceartaíodh Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann le huimhriú na gcód maidir le dhá chrios le haghaidh na Ríochta Aontaithe. Braitheadh earráid a mhéid a bhaineann leis an dáta deiridh le haghaidh ceann amháin de na criosanna sin. Dá bhrí sin, is iomchuí Iarscríbhinní V agus XIV a cheartú dá réir sin.

(17) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil leis an Ríocht Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2580 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas (IO L, 2023/2580, 15.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2580/oj)

(18) Ba cheart feidhm a bheith ag ceartúchán iontrálacha na Ríochta Aontaithe sna rónna le haghaidh chrios GB–2.323 i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2580.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Ceartaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Mar sin féin, beidh feidhm ag Cuid II den Iarscríbhinn ón 16 Samhain 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID I

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.192, CA-2.193 agus CA-2.194:

'**CA** Ceanada	CA-2.192	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		20.9.2023	17.11.2023
	CA-2.193		N, P1'		27.9.2023	17.11.2023
	CA-2.194		N, P1'		3.10.2023	17.11.2023';

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.206 go dtí CA-2.212 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.205:

'**CA** Ceanada	CA-2.206	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		4.11.2023	
	CA-2.207		N, P1'		4.11.2023	
	CA-2.208		N, P1'		4.11.2023	
	CA-2.209		N, P1'		6.11.2023	
	CA-2.210		N, P1'		7.11.2023	
	CA-2.211		N, P1'		7.11.2023	
	CA-2.212		N, P1'		7.11.2023';	

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.322:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.322	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		27.9.2023	30.10.2023';

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.506 go US-2.525 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.505:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.506	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1'		14.11.2023	
	US-2.507		N, P1'		14.11.2023	
	US-2.508		N, P1'		14.11.2023	
	US-2.509		N, P1'		14.11.2023	
	US-2.510		N, P1'		14.11.2023	
	US-2.511		N, P1'		15.11.2023	
	US-2.512		N, P1'		15.11.2023	
	US-2.513		N, P1'		14.11.2023	
	US-2.514		N, P1'		16.11.2023	

	US-2.515		N, P1’		16.11.2023	
	US-2.516		N, P1’		20.11.2023	
	US-2.517		N, P1’		17.11.2023	
	US-2.518		N, P1’		20.11.2023	
	US-2.519		N, P1’		20.11.2023	
	US-2.520		N, P1’		21.11.2023	
	US-2.521		N, P1’		21.11.2023	
	US-2.522		N, P1’		21.11.2023	
	US-2.523		N, P1’		22.11.2023	
	US-2.524		N, P1’		20.11.2023	
	US-2.525		N, P1’		15.11.2023’;	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.206 go CA-2.212 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.205:

‘Ceanada	CA-2.206	British Columbia- Latitude 49.04, Longitude –122,23 The municipalities involved are: 3 km PZ: Abbotsford 10km SZ: Abbotsford, Kilgard, Barrowtown, and Arnold
	CA-2.207	British Columbia- Latitude 49.07, Longitude -122.62 The municipalities involved are: 3 km PZ: Langley and Langley Township 10km SZ: Aldergrove, Langley, Langley Township, and Surrey
	CA-2.208	Saskatchewan- Latitude 52.53, Longitude -106.57 The municipalities involved are: 3 km PZ: Hague and Hepburn 10km SZ: Corman Park, Greenfeld, Gruenthal, Hague, Hepburn, Laird, Osler, and Rosthern
	CA-2.209	Alberta- Latitude 49.79, Longitude -113.32 The municipalities involved are: 3 km PZ: Fort Macleod and Pearce 10km SZ: Fort Macleod, Granum, and Pearce
	CA-2.210	British Columbia- Latitude 49.31, Longitude -121.77 The municipalities involved are: 3 km PZ: Agassiz 10km SZ: Agassiz, Harrison Hot Springs, Hope, and Kent
	CA-2.211	British Columbia- Latitude 49.10, Longitude -122.13 The municipalities involved are: 3 km PZ: Abbotsford and Chiliwack 10km SZ: Abbotsford, Chilliwack, Cultus Lake, Deroche, and Lindell Beach
	CA-2.212	British Columbia- Latitude 49.10, Longitude -122.13 The municipalities involved are: 3 km PZ: Deroche, Dewdney, and Mission 10km SZ: Abbotsford, Chilliwack, Deroche, Dewdney, Durieu, and Mission’;

(ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.506 go US-2.525 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.505:

'Na Stáit Aontaithe	US-2.506	State of Minnesota Kandiyohi 11 Kandiyohi County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.9909461°W 45.1277665°N)
	US-2.507	State of Minnesota Redwood 05 Redwood County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.4904365°W 44.6206586°N)
	US-2.508	State of Missouri Jasper 03 Jasper County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.5951531°W 37.4320917°N)
	US-2.509	State of Iowa Kossuth 03 Kossuth County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.2239944°W 43.3722927°N)
	US-2.510	State of Iowa Taylor 02 Taylor County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.4897578°W 40.8971963°N)
	US-2.511	State of North Dakota LaMoure 04 Contae LaMoure: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.4045941°W 46.4309401°N)
	US-2.512	State of South Dakota Edmunds 06 Edmunds County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.0021019°W 45.5211771°N)
	US-2.513	State of Minnesota Stearns 15 Stearns County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.8070843°W 45.7442945°N)
	US-2.514	State of Oregon Linn 04 Linn County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 122.9913798°W 44.4537258°N)
	US-2.515	State of Oregon Marion 02 Marion County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 122.8594746°W 45.3180106°N)
	US-2.516	State of California Fresno 08 Fresno County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.3582891°W 36.7404721°N)

	US-2.517	State of South Dakota Edmunds 07 Edmunds County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.0273841°W 45.6254446°N)
	US-2.518	State of South Dakota Edmunds 08 Edmunds County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.1308661°W 45.4350642°N)
	US-2.519	State of South Dakota Edmunds 09 Edmunds County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.0011969°W 45.4651880°N)
	US-2.520	State of South Dakota Kingsbury 05 Kingsbury County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.1788601°W 44.3252271°N)
	US-2.521	State of South Dakota Beadle 12 Beadle County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.9009159°W 44.4150837°N)
	US-2.522	State of South Dakota Clark 10 Clark County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.6720830°W 45.0348083°N)
	US-2.523	State of South Dakota Clark 11 Clark County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.5989286°W 44.9530109°N)
	US-2.524	State of South Dakota Day 02 Day County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.6241703°W 45.4300029°N)
	US-2.525	State of North Dakota McIntosh 02 McIntosh County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.8854345°W 46.0713755°N)’;

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.192, CA-2.193 agus CA-2.194:

‘**CA** Ceanada	CA-2.192	POU, RAT	N, P1’		20.9.2023	17.11.2023
		GBM	P1		20.9.2023	17.11.2023
	CA-2.193	POU, RAT	N, P1’		27.9.2023	17.11.2023
		GBM	P1		27.9.2023	17.11.2023
	CA-2.194	POU, RAT	N, P1’		3.10.2023	17.11.2023
		GBM	P1		3.10.2023	17.11.2023’;

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.206 go dtí CA-2.212 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.205:

'**CA** Ceanada	CA-2.206	POU, RAT	N, P1'		4.11.2023	
		GBM	P1		4.11.2023	
	CA-2.207	POU, RAT	N, P1'		4.11.2023	
		GBM	P1		4.11.2023	
	CA-2.208	POU, RAT	N, P1'		4.11.2023	
		GBM	P1		4.11.2023	
	CA-2.209	POU, RAT	N, P1'		6.11.2023	
		GBM	P1		6.11.2023	
	CA-2.210	POU, RAT	N, P1'		7.11.2023	
		GBM	P1		7.11.2023	
	CA-2.211	POU, RAT	N, P1'		7.11.2023	
		GBM	P1		7.11.2023	
	CA-2.212	POU, RAT	N, P1'		7.11.2023	
		GBM	P1		7. 11.2023;	

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.322:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.322	POU, RAT	N, P1'		27.9.2023	30.10.2023
		GBM	P1		27.9.2023	30.10.2023';

(d) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.506 go US-2.525 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.505:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.506	POU, RAT	N, P1'		14.11.2023	
		GBM	P1		14.11.2023	
	US-2.507	POU, RAT	N, P1'		14.11.2023	
		GBM	P1		14.11.2023	
	US-2.508	POU, RAT	N, P1'		14.11.2023	
		GBM	P1		14.11.2023	
	US-2.509	POU, RAT	N, P1'		14.11.2023	
		GBM	P1		14.11.2023	
	US-2.510	POU, RAT	N, P1'		14.11.2023	
		GBM	P1		14.11.2023	
	US-2.511	POU, RAT	N, P1'		15.11.2023	
		GBM	P1		15.11.2023	
	US-2.512	POU, RAT	N, P1'		15.11.2023	
		GBM	P1		15.11.2023	

	US-2.513	POU, RAT	N, P1’		14.11.2023	
		GBM	P1		14.11.2023	
	US-2.514	POU, RAT	N, P1’		16.11.2023	
		GBM	P1		16.11.2023	
	US-2.515	POU, RAT	N, P1’		16.11.2023	
		GBM	P1		16.11.2023	
	US-2.516	POU, RAT	N, P1’		20.11.2023	
		GBM	P1		20.11.2023	
	US-2.517	POU, RAT	N, P1’		17.11.2023	
		GBM	P1		17.11.2023	
	US-2.518	POU, RAT	N, P1’		20.11.2023	
		GBM	P1		20.11.2023	
	US-2.519	POU, RAT	N, P1’		20.11.2023	
		GBM	P1		20.11.2023	
	US-2.520	POU, RAT	N, P1’		21.11.2023	
		GBM	P1		21.11.2023	
	US-2.521	POU, RAT	N, P1’		21.11.2023	
		GBM	P1		21.11.2023	
	US-2.522	POU, RAT	N, P1’		21.11.2023	
		GBM	P1		21.11.2023	
	US-2.523	POU, RAT	N, P1’		22.11.2023	
		GBM	P1		22.11.2023	
	US-2.524	POU, RAT	N, P1’		20.11.2023	
		GBM	P1		20.11.2023	
	US-2.525	POU, RAT	N, P1’		15.11.2023	
		GBM	P1		15.11.2023’.	

CUID II

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

(1) In Iarscríbhinn V, i gCuid 1, Roinn B, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.323:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.323	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1’		23.10.2023’;	

(2) In Iarscríbhinn XIV, i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.323:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.323	POU, RAT	N, P1’		23.10.2023	
		GBM	P1		23.10.2023’.	